www.gaelsceal.ie

Ceol dár gCroíthe
L. 17



'DeusEx: Human Revolutions
L. 18

Bernie Ní Fhlatharta
L. 13

Bob Quinn 40 Bliain ag Fí(fada)s! L. 16

An cuimhin leat fliú na muc? L. 20

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 12

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

11.06.2010

Litriocht.com ag díol os cionn 25,000 leabhar Gaeilge gach bliain

Le Meadhbh Ní Eadhra

AR an gcéad lá de mhí na Samhna 1999, cuireadh tús leis an mbliain nua Cheilteach, agus leis an gcomhlacht ceannródaíoch litriocht.com. Siopa leabhair Gaeilge ar líne atá i Litriocht.com nó "Amazon.com na Gaeilge" mar a thugtar air. Bhí céad fiche leabhar ar díol acu ar an gcéad lá, agus anois tá os cionn 5000 leabhar á n-ofráil acu dá gcustaiméirí.

Díolann siad "luach 150,000 leabhar Gaeilge in aghaidh na bliana" dar le bunaitheoir an chomhlachta, Tomás Mac Gearailt.

Nuair a labhair Tomás le Bord na Gaeilge (Foras na Gaeilge anois), faoin bplean a bhí aige chun siopa leabhair Ghaeilge a bhunú ar an idirlíon, bhíodar iontach amhrasach faoin rud ar fad dar leis.

"Chuaigh mé go Bord na Gaeilge i mí Mheán Fómhair 1999 agus dúirt mé leo gur theastaigh uaim siopa leabhair Ghaeilge a bhunú ar an idirlíon. Thugadar amach ar lón mór fada mé chun é a phlé.

D'iarr siad orm cén fáth gur theastaigh uaim é a dhéanamh, agus dúirt siad nár theastaigh uathu go mbeinn in iomaíocht le siopaí leabhair Ghaeilge eile.

Ar lean ar leathanach 19

An bhfuil aon duine ag éisteacht linn?

- Cén chaoi gur féidir leis na 19 n-eagraíocht déag soláthar leanúnach a dhéanamh ar bhonn maoiniú tograí ócáidiúla?
- Céard atá i ndán d'fhoireann na n-eagraíochtaí agus iad ag fanacht ar fhreagra maidir le maoiniú na dtograí?
- An saineolaithe teanga iad siúd a mbeidh maoiniú na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe faoina gcúram acu?
- An luíonn athstruchtúrú mhaoiniú na n-eagraíochtaí leis an gcur chuige ciallmhar pleanála atá sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge?
- An bhfreagraíonn 'Samhail nua mhaoinithe' Fhoras na Gaeilge don treoir a thug an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas?
- An é seo an bealach is fearr don Fhoras le bheith chomh costéifeachtach agus is féidir, nó an bhfuil deis ann fós do thuilleadh comhphlé?
- Arbh fhiú an comhphlé idir na heagraíochtaí agus an Foras?
- An é lagdhóchas an toradh ar chumarsáid trí phreasráiteas agus agallaimh raidió amháin?

Ceisteanna á gcur ag na 19 n-eagraíocht Ghaeilge bhunmhaoinithe ar Fhoras na Gaeilge i litir in Gaelscéal na seachtaine seo. Féach leathanach 14.

Saol an Dá Bhrian

GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

An Taoiseach Brian Cowen ag éisteacht leis an Aire Airgeadais Brian Lenihan ag ócáid seolta an Réamhthuarascáil ar an nGéarchéim Baincéireachta ag Tithe an Rialtais.

Trioblóid Tuartha do Tehran

Bliain tar éis thoghchán uachtaránachta conspóideach na hIaráine tá ceannairí an fhreasúra ag bailiú in Tehran chun agóid a dhéanamh faoin toradh nach nglacann siad a bhí cothrom agus táthar á thuar go mbeidh trioblóid ann. Chuir rialtas na hIaráine agóidí sráide faoi chois ní ba luaithe i mbliana.

Tá sé á thuairisciú ag na meáin stáit san Iaráin go bhfuil an rialtas ag déanamh athmhachnaimh ar chaidreamh na tíre le gasra faire de chuid na NA ar chúrsaí núicléacha mar gheall ar na smachtbhannaí is deireanaí atá curtha i bhfeidhm orthu ag na NA.

Físeán

Stádas na Gaeilge sa Spidéal

Tá próiseas leanúnach ar siúl faoi scáth Chomhlacht Forbartha an Spidéil teo. chun an Ghaeilge a neartú mar theanga laethúil ar an mbaile. Tá tuairisc fhíse le feiceáil ar **www.gaelsceal.ie** faoin méid atá déanta go dtí seo agus an obair atá leagtha amach sna míonna atá romhainn. Labhair muid freisin le roinnt de mhuintir na háite chun a gcuid tuairimí siúd a fháil. Má tá tuairim agatsa faoin ábhar seo is féidir iad a sheoladh chuig **nuacht@gaelsceal.ie.**

Litríocht.com ag díol os cionn 25,000 leabhar Gaeilge gach bliain

ar lean ó leathanach a haon

Ba léir nár thuig siad céard a bhí i gceist agam le siopa ar an idirlíon, mar d'fhiafraigh siad díom an mbeadh mé lonnaithe in aice le siopa Gaeilge ar bith eile!"

Ar ndóigh, is cinnte go raibh sé i gceist ag litríocht.com dul in iomaíocht le siopaí leabhair Ghaeilge eile. "Ní haon mhaitheas a bheith ag díol leabhair Ghaeilge mura bhfuil tú in iomaíocht le siopaí eile," arsa Tomás.

Cén saghas leabhair a bheidh tú a dhíol? Sin ceist a cuireadh ar Thomás agus an freagra a bhí aige agus atá aige go fóill, ná: Gach leabhar Gaeilge i gcló. Mana de chuid an chomhlachta atá anseo agus déanann siad gach iarracht cloí leis. Dar le Bord na Gaeilge, ní bheadh Tomás in ann gach leabhar Gaeilge a dhíol, mar nach raibh cuid de na leabhair maith go leor.

"Dúirt mise leo nach raibh ansin ach tuairim, agus cá bhfios, b'fhéidir go mbeadh an-tóir ag na custaiméirí ar na leabhair chéanna. Chun tús a chur leis an gcomhlacht, bhí leabhair Ghaeilge ag teastáil. Shocraigh mé iad a cheannach ó Áis, a bhíonn ag dáileadh leabhair Ghaeilge, agus ag a bhfuil na mílte leabhar. Mise, mo mhac, m'iníon agus mac mo dheartháir a roghnaigh na leabhair agus rinne muid iarracht éagsúlacht a bheith sna leabhair."

Agus is mar sin a thosaigh sé, le Tomás agus triúr duine óg ag roghnú leabhair spéisiúla, agus an tUasal Mac Gearailt ag cur a chuid pleananna uaillmhianacha i gcrích. Ní raibh a leithéid feicthe riamh cheana. Cé a chreidfeadh go mbeadh an oiread sin tóra ar leabhair Ghaeilge ar fud an domhain?

Is i dteach dheartháir Thomáis, i gCorca Dhuibhne, a bhí an comhlacht á rith ar dtús. D'fhostaigh Tomás bean a dheartháir, Caitlín, i mí Mheán Fómhair, chun an comhlacht a rith ón bhaile.

Anois, tá oibrí lán aimseartha agus oibrí páirt aimseartha ag obair ar litriocht.com i mBaile na nGall i gCo. Chiarraí. Ar cheann de na dúshláin a bhain leis an togra ag an tús ná an tralaí siopadóireachta (shopping cart) a bhunú. Bhí sé deacair é sin a shocrú suas, agus thit an tóin as go hiomlán ag am amháin.

"Phléigh muid an rud ag an am agus shocraigh muid nach mbeadh muid ag éirí as. Déanfaimid é! Leanfaimid ar aghaidh!" a dúirt muid.

Sa bhliain 2004, fostaíodh Paul Bailey chun an chairt siopa a chur le chéile, agus tá feabhas mór tagtha ar an suíomh ó shin, dar leis an Uasal Mac Gearailt.

"Tá fás 30% tagtha ar an gcomhlacht ó anuraidh," ar sé. "Táimid ag déanamh airgid ó bhliain go bliain. Tá iomaitheoirí againn, cinnte, ach tá deich mbliana d'obair chrua curtha isteach againn sa ghnó seo agus tá feabhas móra tagtha air." Tá rí omh-leabhair, nó leabhair leictreonacha, i measc na bhforbairtí nua atá á dhéanamh ar an suíomh.

Bhí cuma bhunúsach ar an suíomh ar dtús, agus é iomlán difriúil ón suíomh atá ar fáil anois. Ar ndóigh, ní raibh eolas ag daoine faoin suíomh ar feadh tamaill ach an oiread ach níor ghlac sé i bhfad ar dhaoine an scéal a scaipeadh faoin dtogra úr seo, litriocht.com.

Don chéad trí bliana, ba iad na Stáit Aontaithe a bhí ag ceannach fhormhór na leabhar, agus ag uimhir a dó, bhí muintir na Fionlainne, rud a chuirfidh iontas ar dhaoine b'fhéidir. Ag an am, siar ag deireadh na nóchaidí agus tús na mílaoise, ní raibh taithí ag na hÉireannaigh ar bheith ag ceannach earraí ar an idirlíon, agus mar sin ní raibh an oiread sin leabhair á dhíol sa tír seo.

"Tá dul chun cinn an-mhór déanta againn. In 2008, chuir muid isteach ar na Golden Spider Awards agus d'éirigh linn duais a bhaint amach don ríomh-ghnó is fearr in Éirinn."

Éacht ar leith a bhí ansin, agus le leabhair anois á ndíol le 66 tír éagsúil, an tSín san áireamh, deir Mac Gearailt go bhfuil an gnó ag dul go han-mhaith ar fad.

"Tá fás 30% tagtha ar an gcomhlacht ó anuraidh," ar sé. "Táimid ag déanamh airgid ó bhliain go bliain. Tá iomaitheoirí againn, cinnte, ach tá deich mbliana d'obair chrua curtha isteach againn sa ghnó seo agus tá feabhas móra tagtha air."

Tá ríomh-leabhair, nó leabhair leictreonacha, i measc na bhforbairtí nua atá á ndéanamh ar an suíomh.

"Thosaíomar ag díol leabhair leictreonacha i mí an Mhárta mar chuid de scéim phíolótach. Chuireamar leagan leictreonach de leabhair le Maidhc Dainín agus údair eile ar fáil. Is bealach mhaith é chun seanleabhair nach bhfuil i gcló a thuilleadh a thabhairt ar ais ar an margadh tríd an idirlíon. Bhí éileamh mhaith ar na leabhair agus beimid ag cur tuilleadh ar fáil amach anseo," ar sé.

Tá na leabhair leictreonacha níos saoire freisin, agus díoltar ar chostas 70/80% de na gnáthleabhair iad. Tá Tomás iontach gnóthach faoi láthair le tograí éagsúla. Eisean atá mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Bhard na nGleann, an grúpa ar leo www.litriocht.com, agus anois www.localbooks.ie freisin. Cuireann an suíomh nua seo leabhair áitiúla faoi Éirinn, scríofa i nGaeilge nó i mBéarla, ar fáil ar an idirlíon. Cuireadh tús leis ar an gcéad lá den mhí seo.

"Faoi láthair ní féidir leabhair áitiúla a aimsiú ach i siopaí áitiúla. Níl aon áit lárnach chun iad a aimsiú mórthimpeall an domhain. Cruthófar nasc idir Diaspóra na hÉireann agus ceantair áitiúla in Éirinn trí mheán localbooks.ie," a deir Tomás.

PIIGS - Éire ina muiceanach idir dhá sháile?

Le Conchubhar Mac Con Carraige

TÁ an tíogar ceilteach bocht ag maireachtáil idir na muca agus ag déanamh a dhíchill a áit a choimeád ag trach beathaithe na hEorpa. Ach tá mac tíre ag an doras ag moladh na muca a scaoileadh chun airgeadra aonarach na hEorpa a shábháil.

Na muca? Is iad siúd na cúig gheilleagar is laige in Aontas na hEorpa, an Phortaingéil, an Iodáil, Éire, an Ghréig agus an Spáinn (PIIGS). An chomhghné is tábhachtaí acu ná barraíocht d'fhiachas naisiúnta agus laghdú ar a chuid iomaíochais i gcoibhneas a gcomharsana.

Ag rangú ar na comharthaí a leanas, feictear nach bhfuil an tíogar chomh láidir a thuilleadh, fiú idir na muca;

(i) Easnamh buiséadach 2009; tá Éire ag bun an ranga le heasnamh 15% d'olltáirgeacht intíre (OTI), níos measa ná an Ghréig (13%), an Spáinn (11%), an Phortaingéil (9%) agus an Iodáil (5%).

(ii) Dífhostaíocht, le 13% den lucht oibre dífhostaithe i Márta 2010 tá an scéal Éireannach níos measa ná an Phortaingéil (10%), an Ghréig (10%) agus an Iodáil (8%) agus níl aon sult le baint as an bhfíric go bhfuil an Spáinn (19%) níos measa arís.

(iii) Le fiachas naisiúnta 120% de OTI san Iodáil agus sa Ghréig, 80% sa Phortaingéil, níos mó ná 60% againn féin, agus 50% sa Spáinn, ní foláir do na muca a bpinginí a shábháil agus gearradh siar ar chaiteachas poiblí.

(iv) Le titim 11% in OTI idir 2008-09 táimid arís níos measa ná an Iodáil (6%), an Spáinn (5%), an Phortaingéil (3%) agus an Ghréig (2%).

(v) Iomaíochas ó thaobh costas saothair coibhneasta; arís tá Éire ag bun an ranga de bharr ardú ar chostais saothair choibhneasta. Mar a léiríonn laige an Euro le déanaí tá an t-airgeadra aonarach i dtrioblóid agus tá roinnt teachtairí margaí ag moladh na muca a scaoileadh de bharr go mbeidh ar an Eoraip iad a tharrtháil sa chás go dteipfidh orthu de bharr neamhábaltachta a bhfiachas a aisíoc.

Ach cuireadh teachtaireacht shoiléir amach le deanaí nach bhfuil an Eoraip chun na muca a íobairt nuair a sroicheadh comhaontas idir airí airgeadais uilig na hEorpa ar phacáiste cobhsaithe €750bn chun baill shoghonta a chosaint. Faoin gcomhaontas rachfar i mbun scéim thacaithe le ráthanna ó bhaill uilig na hEorpa chun cúnamh a thabhairt don tír bhreoite nuair a bheidh an clár athchóirithe i bhfeidhm.

Nuacht dhearfach é seo do na muca ar fad agus beifear ag tnúth go mbeidh Aontas Airgeadaíochta na hEorpa níos láidre dá bharr.

Is dócha nach mbeidh muiceoil ag an mac tíre go fóill.

Is cuntasóir cairte agus comhlairleoir cánach é Conchubhar Mac Con Carraige

Tionchar Laigeacht an Euro ar an Gheilleagar ó thuaidh

le hAnton Mac Cába

I LÁR na seachtaine seo, bhí an Euro níos isle in éadan an phuint Shasanaigh ná mar a bhí ón 30ú Samhain 2008. Tá sé ag titim le cúpla mí, titim 4p air sa chéad seachtain den mhí. Bhí 90p air an 29ú Márta, agus 82.6p Dé Máirt.

Le bliain go leith anuas, bhí an euro láidir in éadan an phuint Shasanaigh, é idir 87p agus 90p go dtí deireadh mhí na Bealtaine. Dar le staidéar a rinne Státchiste na Breataine, ba cheart gur idir 75p agus 80p an bheadh an luach agus tá an euro beagnach ag an luach sin anois.

Tá impleachtaí aige seo do gheilleagar an Tuaiscirt. De réir na bhfigiúirí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, bhí tomhaltóirí Deisceartacha ag caitheamh €435m in aghaidh na bliana ó thuaidh. Anuraidh, bhí 1.7% de mhargadh grósaeireachta an Deiscirt ag Sainsburys, agus 1.3% ag ASDA. B'shin ainneoin siopaí s'acu bheith sa Tuaisceart. Ba ag Sainsburys ar an Iúr agus ASDA in Inis Ceithleann an sciar sin den mhargadh. Is leis an chomhlacht Meiriceánach Walmart ASDA. Tá 7,873 siopa ag Walmart ar fud na cruinne. Ag Nollag 2008, bhí Inis Ceithleann ar an séú siopa ba ghnóthaí orthu seo. Anuraidh, mheas ball foirne gur ón Deisceart suas le 70% de na tomhaltóirí ann.

Dar le Mike Smyth, eacnamaí le hOllscoil Uladh, is ar leas agus ar aimhleas an Tuaiscirt seo. Beidh earnáil na miondíoltóireachta thíos leis. Ach gnólachtaí atá i muinín earraí a iompórtáiltear ó limistéar an euro, ní bheidh na hearraí sin chomh daor. Ó bheith ag caint le lucht gnó cois teorann ar an taobh ó dheas, tá méadú beag ar ghnó s'acu le tamall.

Tá daoine in iarthar Fhear Manach ag déanamh siopadóireachta i ndeisceart Dhún na nGall, den chéad uair le blianta. Dar le Gordon Fleming, gur leis Fleming's Supervalu ar Bhaile Mhuineacháin, feicfear an toradh ar thitim an euro i gceann míosa. Dar leis, má fhanann an euro thart ar 80p, fanfaidh daoine ar an dá thaobh sa bhaile. "Bíonn timthriallta seacht mbliana i gceist ar an teorainn," ar seisean. "Má bhíonn tú ábalta fanacht, tiocfaidh tú i dtír air. Bhí cúpla bliain iontach deacair againn, ach táimid ag dúil le bliain maith go leor i mbliana."

Níl nós na siopadóireachta trasteorann marbh go fóill. Bhí méadú 20% bliain-ar-bhliain ar an ghnó in ASDA in Inis Ceithleann Dé Luain an 7ú Meitheamh. Ní tomhaltóirí amháin a bhíonn buartha faoi chúrsaí airgeadais. Bhí fadhbanna ag Tuaisceartaigh a cheannaigh tithe ar an taobh ó dheas cois teorann mar go raibh siad níos saoire. Tá siad seo líonmhar go háirithe i nDún na nGall, buailte le Doire agus an Srath Bán. Dúirt fear a cheannaigh teach i nDún na nGall "go hoifigiúil, ach an áit chomh cóngarach do Dhoire le háit ar bith i nDoire." Nuair a cheannaigh sé an teach, b'fhiú 68p an euro. Bhí sé faoi bhrú le bliain, nó tá sé féin agus a bheag ag obair ó thuaidh. Bhí an leath-chuid dá bpá ag imeacht ar an mhorgáiste. Anois, tá faoiseamh air agus ar a chomharsana san eastát, gur muintir Dhoire ar fad iad.